# Nuacht Litir

# Samhradh 2017

**Cash for clobber**

Bhailigh muid 59 mála éadaí le haghaidh Cash for Clobber. Go raibh míle maith agaibh ar fad!

**Seachtain Scoile Ghníomhaí 24/-28/4/17**



Ghlac muid páirt i Seachtain Scoile Ghníomhaí arís i mbliana. Dé Luain, rinne na gasúir liathróid láimhe. Dé Máirt, bhí muid ag tógáil ciceanna píonós. Dé Céadaoin, rinne muid scileanna haca. Déardaoin, bhí Joe Joe ag na hardranganna agus bhí na bunranganna ag caitheamh buataisí. Ar an Aoine bhí an scoil uile le chéile agus rinne muid rásaí sealaíochta. Bhí an-seachtain ag na gasúir agus bhí muid breá aclaí ina dhiaidh!

## Lá Oscailte 27/5/17

Tháinig na gasúir nua a bheidh ag tosnú tar éis an tsamhraidh chuig na scoile le haithne a chur ar chuile dhuine. Bhí siad ag spraoi le na gasúir eile agus ag déanamh cácaí seacláide!



## Cóineartú 5/5/17



Rinne Rang 5 agus Rang 6 a gCóineartú sa Spidéal. Bhí lá an-speisialta acu lena gclann.

## BBQ 8/5/17

Bhí beárbaiciú againn ar an scoil an Luan tar éis an Chóineartú le seans a thabhairt don scoil uile an Chóineartú a cheiliúradh.



**Blitz Peile 9/5/17, 18/5/17, 8/6/17 agus 15/6/17**



Bhí 4 Blitz Peile ag na hardranganna; ceann i Leitir Móir agus ceann eile ar Pháirc na mBreathnaigh.Ansin bhí péire eile acu i Ros Muc agus Uachtar Ard. Sa Blitz a bhí i Ros Muc tháinig na cailíní sa gcéad áit agus na buachaillí sa dara háit!!! Fair plé daoibh ar fad!!

**Céad Fhaoistín 11/5/17**



Rinne Rang a 2 a gCéad Fhaoistín sa Séipéal agus fuair siad uile teastas!

**D.E.A.R.**

Déanann na hardranganna D.E.A.R (Drop Everything And Read) cúpla uair sa tseachtain agus i rith an aimsir bhreá rinne siad taobh amuigh é. Taitníonn sé seo go mór leo!



**Buanna bainte amach ag scoláirí Scoil Ros a' Mhíl**




Tháinig Shannon sa gcéad áit sa bhfeis i mBéal an Átha agus i gcomórtas Chonnachta Judo tháinig Síofra sa gcéad áit, Éabha agus Brandon dara háit agus Dylan an 3ú háit!



Bhuaigh Saidbh agus Kate an comórtas Lá Spóirt Uisce agus fuair siad ticéid don chlann uilig chun dhul ann. Beidh sé ar siúl i Mí Lúnasa ar an trá i Rinn Mhaoile. Ar an turas scoile i Pure Skill, fuair Lorcán, Éabha, Ailbhe agus Tomas Óg na pointí is fearr agus fuair siad uile dearbhán do Pure Skill! Fair plé chuile dhuine!!

**Céad Chomaoineach 20/5/17**



Bhí lá fíor-speisialta ag Rang 2 ar an 20 Bealtaine. Rinne siad a gCéad Chomaoineach sa Séipéal. Bhí cóisir agus cáca againn sa scoil i ndhiaidh.

**Turas Scoile 26/5/17**



Bhí turas scoile againn i nGaillimh i mbliana. Chuaigh an scoil uile ann mar bhí seans againn páirt a ghlacadh i bhFéile na mBád ag an gCladach. Chuaigh muid chuig an Músaem agus chuaigh na hardranganna chuig Pure Skill agus na bunranganna chuig Monkey Business. Bhí an-time againn.

**Lá Idirghníomaíochta,Spraoi agus Cairdeas do Rang a Sé 6/6/17**

Bhí lá speisialta do Rang 6 ag an gCrompán. Bhí an lá eagraithe ag Clár Críochnú Scoile do na scoláirí a bheidh ag dul chuig meánscoil i Meán Fómhair. Bhí na gasúir uile meascaithe agus bhí seans acu caint agus spraoi le na daltaí eile a bheidh sa bhliain céanna i Meán Fómhair. Rinne siad cluichí spórt, drámaíocht agus 'Mindfulness'.



Bhí lón acu agus ansin bhí siad meascaithe arís i ngrúpaí difriúl le haghaidh dúshláin éagsúla a dhéanamh. Ag deireadh an lae fuair siad uachtar reoite!!! Thaitin an lá go mór leo!!

**Lá Spóirt 19/6/17**

Bhí lá spóirt againn ar an 19ú lá Mí Mheitheamh. Rinne muid stáisiúin spórt ar maidin: cispheil, haca,ag tógáil ciceanna pionóis, cluichí pairtí, cluichí clós agus circuits. Um thráthnóna bhí gnáth rásaí againn: trí chois, fata is spunóg, mála agus ritheacht. Bhí na gasúir measctha i ngrúpaí ó Naíonáin Bheaga go Rang a Sé agus thaitin an lá go mór leo!



**Slán le Dearbhlá**

Tá muid ag rá slán le Dearbhlá i Rang a 5. Beidh sí ag dul chuig Oileán Chléire. Go n-éirí leat a Dhearbhlá!!

**Cuimhní Rang a 6**



D'iarr muid ar Rang a 6 cuimhne amháin a scríobh síos:

**Ailbhe**: 'Is aoibhinn liom an scoil seo, ní féidir liom rud amháin a phiocadh. Beidh an-bhrón orm ag fágáil ach beidh sé go deas bogadh ar aghaidh'

**Chloe**:' Dul chuig turas scoile go Baile Átha Cliath. Bhí an-time againn.'

**Cian**: 'Fuair mé amach go rugadh Shane. Dúirt siad liom ar scoil é'

**Colm**: 'Bhí mo Chéad Chomaoineach iontach!'

**Dylan**: 'Cuimhnigh liom nuair a chuaigh muid ar turas scoile go Baile Átha Cliath'

**Éabha**: 'Ag dul isteach i Naonáin Bheaga'

**Lorcan**: 'Is cuimhin liom an chéad Blitz a bhí againn leis an scoil'

**Méadhbh**: 'Cuimhin liom dul ar turas scoile chuig an Aquarium i Salthill. Ansin d'imigh muid síos ar an trá, bhí buataisí orainn agus tar éis sin d'imigh muid ag Salt 'n' Pepper'

**Rachel**: 'An lá b'fhearr liomsa ná an lá chuaigh muid ag cócoireacht le Mícheál i Naíonáin Mhóra agus fuair mé Joey ar an lá céanna.'

**Tomás Óg**:' Nuair a tháinig bouncy castle agus bhí beárbaiciú againn. Bhí mé an-an-sásta.'

## Slán le Rang a 6! 22/6/17

Bhí oíche speisiálta againn le slán a rá le Rang a Sé. Tháinig Rang a Sé agus a gclann. Rinne muid an rolla den uair deireanach agus fuair siad t-léinte speisialta.






**Rang Sé 2009**



**Rang Sé 2017**

*Ba mhaith liom an deis seo a thógáil chun mo mhíle buíochas a ghlacadh le foireann na scoile, coiste na dtuismitheoirí, gasúir na scoile agus tuismitheoirí na scoile ar fad, faoin obair iontach a dhéanann sibh i rith na bliana – ní neart go cur le chéile!*

*Tá muid ag guí chuile rath ar na gasúir álainn atá i Rang a 6. Aireoidh muid uainn go mór sibh!*

*Bainigí sásamh as an sos. Feicfidh muid ar an 30ú Lúnasa sibh le cúnamh Dé!!!*

*Síle*